Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2016**
**(OR. en)**

**8831/16**

**DEVGEN 89**
**ACP 67**
**RELEX 378**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Bealtaine 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8554/16 |
| Ábhar: | Dlús a chur leis an gClársceidealú Comhphháirteach<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Bealtaine 2016) |

1. Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle i ndáil le dlús a chur leis an gclársceidealú comhpháirteach, a ghlac an Chomhairle ag an 3462ú cruinniú dá cuid ar an 12 Bealtaine 2016.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur leis an gclársceidealú comhpháirteach

### An dul chun cinn atá déanta agus na dúshláin atá fós ann

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas Eorpach agus a chuid Ballstát i ndáil le Clársceidealú Comhpháirteach ar chúnaimh sheachtraigh. Agus an clársceidealú comhpháirteach á shaothrú ag an Aontas agus ag a chuid Ballstát, táthar ag cuidiú leis na gealltanais bheartais a dhéantar ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme[1]. Sa chomhthéacs seo, meabhraítear don Chomhairle a cuid Conclúidí maidir le Seasamh Comhpháirteach ón Aontas maidir leis an gCeathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach[2] ina leagtar amach an creat don chlársceidealú comhpháirteach ilbhliantúil, a cuid Conclúidí maidir leis an Athbhreithniú ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa[3] inar leagadh béim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh na Ballstáit lánpháirteach i mBeartas Comharsanachta na hEorpa, mar aon le réigiúin eile, agus a cuid Conclúidí maidir le "Tionchar Bheartas Forbartha an AE a mhéadú: Clár Oibre don Athrú[4]".

2. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit meáite ar thacú go láidir le tíortha comhpháirtíochta chun Clár Oibre 2030 maidir le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus aithníonn sé a fhiúntaí atá cur chuige an chlársceidealaithe chomhpháirtigh, go háirithe ó thaobh cur le freagairt straitéiseach, comhordaithe ón Aontas. Dá ndéanfaí an Clársceidealú Comhpháirteach a chur chun feidhme mar is ceart, bheadh deiseanna nithiúla ann chun cur leis an gComhleanúnachas Beartais don Fhorbairt.

---

[1] An Ceathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht Cabhrach, a tionóladh in Busan, mí na Nollaig 2011, an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, an Clár Oibre don Athrú, agus an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Athbhreithniú ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa.

[2] 16773/11.

[3] 8087/15.

[4] 9369/12.

3. Ó 2011 i leith, tá an Clársceidealú Comhpháirteach dírithe ar 55 thír chomhpháirtíochta agus tá 25 Straitéis Comhordaithe de chuid an Aontais ann faoi láthair nó ar tí bheith réitithe. Leis an gClársceidealú Comhpháirteach, d'fhéadfaí cur le héifeachtúlacht, comhleanúnachas, trédhearcacht, intuarthacht agus infheictheacht an chúnaimh sheachtraigh a chuireann an tAontas agus a chuid Ballstát ar fáil. Má dhéantar an Clársceidealú Comhpháirteach a chur chun feidhme ar leibhéal na tíre, d'fhéadfadh sé gurbh éifeachtúla roinnt an tsaothair agus gur lú ró-ilroinnt na cabhrach.

4. D'fhéadfadh an Clársceidealú Comhpháirteach a bheith ina uirlis éifeachtach freisin chun feabhas a chur ar chomhordú an Aontais Eorpaigh ar leibhéal na tíre agus ar leibhéal na hearnála, agus cur leis an idirphlé comhordaithe ar bheartas, leis an anailís chomhpháirteach, roinnt faisnéise, tionscnaimh chomhpháirteach cur chun feidhme, faireachán comhpháirteach agus meastóireacht chomhpháirteach. Ach tá dúshláin ann i gcónaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu. I roinnt cásanna, tá na costais beartaíochta fós ard. I gcás inarb féidir sin, ba cheart feabhas a chur ar shioncronú na timthriallacha cláraithe idir rannpháirtithe de chuid an Aontais agus na tíortha glactha. Is den tábhacht é go mbeadh na gníomhaithe ar fad ar leibhéal na tíre, agus i bpríomhchathracha an Aontais tiomanta don obair seo, má táthar le bheith rathúil.

**Clársceidealú Comhpháirteach a chomhdhlúthú agus a leathnú amach**

5. Ba chóir an Clársceidealú Comhpháirteach a chur chun cinn agus a neartú, ach é a choinneáil ar bhonn deonach, agus é solúbtha cuimsitheach, agus in oiriúint do chomhthéacs na tíre, agus ba chóir go bhféadfaí doiciméid chlársceidealaithe chomhpháirteacha an Aontais a chur in ionad doiciméid chlársceidealaithe an Aontais agus na mBallsltát. I dtíortha nár thosaigh an Clársceidealú Comhpháirteach iontu fós, iarrann an Chomhairle ar Sheirbhísí an Choimisiúin agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a mheasúnú i gcomhar leis na Ballstáit an bhféadfaí Clársceidealú Comhpháirteach a dhéanamh iontu agus treochlár a fhorbairt. Tá rannpháirtíocht, dílsiú agus úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta ríthábhachtach don phróiseas. Ba cheart go mbeadh an Clársceidealú Comhpháirteach faoi stiúir straitéis forbartha na tíre comhpháirtíochta.

6. Aithníonn an Chomhairle an luach breise a d'fhéadfadh a bheith ag an gClársceidealú Comhpháirteach ó thaobh an dúbailt a sheachaint, costais bheartaíochta a laghdú (lena n-áirítear do na tíortha comhpháirtíochta), comhordú agus infheictheacht an Aontais Eorpaigh a neartú tuilleadh. Ní mór go gcomhlíonfadh an próiseas seo riachtanais an Aontais agus na mBallstát agus go mbeadh sé ailínithe le tosaíochtaí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta.

7. Dearbhaíonn an Chomhairle na deiseanna atá ann chun an Clársceidealú Comhpháirteach a leathnú amach, lena n-áirítear i suíomhanna leochaileacha agus i dtíortha atá buailte leis an gcoinbhleacht, mar aon le comhthéacsanna an choisc nó comhthéacsanna iarchoinbhleachta. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle a Conclúidí[5] maidir le cur chuige cuimsitheach an Aontais, ag tabhairt dá haire gur cheart gur anailís, a bheadh idir luath, chomhordaithe agus chomhroinnte, a bheadh mar thúsphointe don chur chuige cuimsitheach sin. D'fhónfadh sé sin mar bhonn straitéiseach do chlársceidealú de chuid an Aontais a bheadh íogair ó thaobh coinbhleachtaí de. Chomh maith leis sin, cuirtear leis an mBeart Nua um Rannpháirtíocht i Stáit Leochaileacha. Iarrann an Chomhairle freisin ar Sheirbhísí an Choimsiúin agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí féachaint ar na bealaí ina bhféadfadh an Clársceidealú Comhpháirteach cabhrú le tíortha i mbun trasdula leibhéil níos airde ioncaim a bhaint amach, mar chuid de chaidreamh níos leithne ar mó ná cúnamh seachtrach amháin a bheadh i gceist leis.

**An bealach chun cinn**

8. Sa bhreis air sin, measann an Chomhairle gur gá breis iarrachtaí agus tiomantais ón Aontas agus óna chuid Ballstát má tá an Comhsceidealú Comhpháriteach chun tairbhe iomlán a thabhairt i dtíortha ina n-aithníonn na páirtithe rannpháirteacha an acmhainn a bhaineann leis. Ba cheart don Aontas Eorpach tacaíocht pholaitiúil agus teicniúil a chur sa siúl le go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ar fáil ar leibhéal an mhachaire agus na ceanncheathrúna. Leis an gClársceidealú Comhpháirteach, ba cheart go gcuirfí san áireamh tionscnaimh théamacha agus earnálacha, agus beartais chothrománacha an Aontais agus a chuid Ballstát, go háirithe i réimse chearta an duine, an chomhionannais inscne, an dea-rialachais agus na sochaí sibhialta.

9. I gcomhréir le Cur Chuige Cuimsitheach an Aontais, ba cheart go dtiocfadh éabhlóid ar dhoiciméid an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh le go gcuimseodh siad réimsí straitéiseacha amhail an imirce, an t-athrú aeráide, leochaileacht, an tslándáil agus an daonlathas. Tá an Chomhairle ag súil go leanfar le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Chur Chuige Cuimsitheach an Aontais agus iarrann sí go ndéanfaí comhordú níos fearr ar fhreagairt an Aontais go mbeadh sé níos comhleanúnaí, lena n-áirítear tríd an gClársceidealú Comhpháirteach. Ba cheart do ghníomhaíochtaí Cistí Iontaobhais gné an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh a chur san áireamh freisin.

[5] 9644/14.

10. Ba cheart gur chuid de chéim an chur chun feidhme iad freisin na hiarrachtaí chun an ilroinnt a laghdú agus an comhleanúnachas agus sinéirgí idir an tAontas agus na Ballstáit a chur chun cinn. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, leanúint de ghníomhaíochtaí cur chun feidhme comhpháirteacha arna maoiniú ag an Aontas agus ag na Ballstáit a chur chun cinn, rud a chuireann freisin le hinfheictheacht an Aontais agus a chuid Ballstát ar an bhfód, mar shampla trí chómhaoiniú agus comhar tarmligthe, agus aird ar leith á tabhairt ar ghníomhaithe rannpháirteacha ón Aontas agus ó na Ballstáit. Ba cheart comhar idir gníomhaithe forbartha na mBallstát a spreagadh i gcreat an chur chun feidhme chomhpháirtigh.

11. Molann an Chomhairle go neartódh an tAontas agus a chuid Ballstát a gcuid iarrachtaí chun feasacht a ardú i measc na rialtas comhpháirtíochta agus geallsealbhóirí eile an Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh sa chaoi go spreagfaí agus go neartófaí an úinéireacht agus an t-ailíniú trí mheáin an chomhairliúcháin agus an idirphlé iomchuí. Ba cheart go leanfadh an Clársceidealú Comhpháirteach de bheith oscailte do dheontóirí eile freisin nuair a mheasann ionadaithe an Aontais agus na mBallstát é sin a bheith ábhartha ar leibhéal na tíre.

12. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus ar sheirbhísí an Choimisiúin tuairisciú ar bhonn tráthrialta i ndáil le próisis Chlársceidealú Comhpháirteach an Aontais agus tá sí ag súil leis an Meastóireacht ar Phróiseas Clársceidealú Comhpháirteach an Aontais i ndáil leis an bhForbairt don Chomhar meastóireacht atá ar siúl faoi láthair, agus an méid a bheidh inti agus an méid a molfar dá bharr, ar ábhair iad sin a d'fhéadfadh a bheith an-tábhachtach ó thaobh feabhas a chur ar phróisis agus ar nósanna imeachta an Chlársceidealaithe agus a d'fhéadfadh a bheith ina dtreoir don am amach anseo. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus ar sheirbhísí an Choimisiúin leanúint den obair maidir leis an gClársceidealú Comhpháirteach lena n-áirítear, i bhfianaise na dtreoracha a thiocfaidh ó straitéis dhomhanda an Aontais, an Beartas Comharsanachta athbhreithnithe mar aon le haon leagan athbhreithnithe a bheidh an amach anseo de Bheartas Forbartha an Aontais Eorpaigh.